Beartas um Litearthacht sna Meáin

www.bai.ie

BAI
ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN
BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Is trí litearthacht sna meáin a dhéantar daoine a chumasú agus na scileanna agus an t-eolas a thabhairt dóibh chun córas na meáin a thuiscint i gcúinsí a bhíonn ag síorathrú

Réamhrá

Tá féidearthachtaí nua ag teacht chun cinn do chách chun páirt a ghlacadh ina sochaí féin agus chun dul i ngleic le hábhar agus le seirbhísí craolacháin, digiteacha agus meáin eile de bharr na gcúinsí teicneolaíochta, sóisialta agus meáin a bhíonn ag síorathrú. D'fhéadfadh ionchur níos mó sa gheilleagar digiteach agus sa gheilleagar cruthaitheach a bheith mar thoradh air sin, chomh maith le laghdú ó thaobh aonraithe sóisialta de, agus feabhsuithe ó thaobh rannpháirtíochta de i gcúrsaí sibhialta, cultúrtha, geilleagracha agus daonlathacha. Ach is féidir leis na hathruithe sin scaipeadh agus rochtain furasta ar ábhar a éascú, ábhar a d'fhéadfadh comhtháthú sóisialta a chur i mbaol trí fhuath a spreagadh i leith grúpaí áirithe daoine (e.g., ar bhonn cine/eitneachta, inscne, gnéasachta), nó trí tuairimí antoisceacha a chur chun cinn.

Is trí litearthacht sna meáin a dhéantar daoine a chumasú agus na scileanna agus an t-eolas a thabhairt dóibh chun córas na meáin a thuiscint i gcúinsí a bhíonn ag síorathrú; chun grinnscrúdú a dhéanamh ar bheachtas na faisnéise; chun ionadaíocht mhíchothrom agus mhíchruinn a fhreagairt; chun tabhairt faoi thuairimí antoisceacha; agus, ar deireadh thiar, chun roghanna eolasacha a dhéanamh i dtaobh na meán. Is fíorshuntasach é seo do dhaoine ar a bhféadfadh sé a bheith deacair a mbealach a dhéanamh i saol na meán, saol atá ag éirí níos glóraí agus ina bhfuil béim i bhfad níos mó ar an ngiotán fuaime anois ná mar a bhí. Chomh maith leis sin, is féidir le litearthacht sna meáin a bheith ina cabhair do dhaoine chun scileanna a bhíonn ag teastáil go géar a fhorbairt i dtaobh cúrsaí cruthaitheachta agus réitithe fadhbanna i dtimpeallachtaí atá saibhir ó thaobh na teicneolaíochta de.[1]

Is ina leithéid sin de chúlra atá Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ) tar éis an Bheartais um Litearthacht sna Meáin seo a fhorbairt. Forbraíodh an beartas seo mar chuid dár ndualgais reachtúil taighde chun bearta agus gníomhaíochtaí a dhéanamh, a spreagadh agus a chothú ar mhaithe le litearthacht sna meáin a chur chun cinn. Chuige sin, mionsonraítear sa bheartas sraith inniúlachtaí um litearthacht sna meáin, is é sin, an réimse scileanna um litearthacht sna meáin arna n-aithint ag ÚCÉ mar scileanna atá riachtanach do dhaoine chun a mbealach a dhéanamh sna cúinsí teicneolaíochta, meán agus sóisialta atá ann faoi láthair, agus sna cúinsí atá ag teacht chun cinn freisin Forbraíodh na hinniúlachtaí seo i gcomhar le réimse leathan páirtithe leasmhara, na cinn seo a leanas ina measc: soláthróirí ábhar closamhairc; údaráis phoiblí; an saol acadúil; eagraíochtaí sochaí shibhialta; agus iad siúd a mbíonn baint acu le gníomhaíochtaí ar líne.

Tabharfaidh ÚCÉ tacaíocht do chur i bhfeidhm an bheartais seo i mbealaí difriúla, na cinn seo a leanas san áireamh:

- plean oibre bliantúil a fhorbairt maidir le litearthacht sna meáin;
- tacaíocht a chur ar fáil d'fhorbairt Gréasán Náisiúnta um Litearthacht sna Meáin;
- tacaíocht leanúnach a chur ar fáil le haghaidh litearthachta sna meáin trí ár gcroí-ghníomhaíochtaí lena n-áirítear an próiseas láimhseála gearán; coimisiúnú taighde; gníomhaíochtaí um fhorbairt earnála; agus deontais déanta cláir, a mbronntar mar chuid den Scéim Mhaoinithe Craoltóireachta.

1 Déanann suirbhé PIAAC de chuid an ECFE (suirbhé ar scileanna daoine fásta) measúnú ar oilteacht i dtrí cinn de phríomhréimse: litearthacht, uimhearthacht agus réiteach fadhbanna i dtimpeallachtaí atá saibhir ó thaobh na teicneolaíochta de. Sainmhínítear litearthacht mar seo a leanas ann: "dul i ngleic le téacsanna scríofa, agus iad a thuiscint, a mheas agus a úsáid, ar mhaithe le spriocanna an duine a bhaint amach, chomh maith le heolas agus acmhainneacht an duine a fhorbairt". Tá idir théacs digiteach agus théacs clóite san áireamh anseo.

Cuspóirí an Bheartais

Is é seo a leanas an chuspóir uileghabhálach a Bhaineann le Beartas ÚCÉ um Litearthacht sna Meáin agus leis an bplean oibre gaolmhar:

Muintir na hÉireann a chumasú leis na scileanna agus leis an eolas chun roghanna eolasacha a dhéanamh maidir leis an ábhar agus leis na seirbhísí meáin a úsáideann, a chruthaíonn agus a scaipeann siad.

Mar thacaíocht ag an gcuspóir uileghabhálach seo, tá cúig chuspóir bheartais straitéiseacha:

Cuspóir 1

Ceannasaíocht a chur ar fáil agus cur chuige comhordaithe a éascú maidir le litearthacht sna meáin a chur chun cinn.

Go bunúsach, is turas foghlama fad saoil í litearthacht sna meáin agus bíonn páirtithe leasmhara difriúla ag teastáil chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine ag céimeanna difriúla le linn a dturais foghlama. Ní féidir le haon eagraíocht amháin é sin a bhaint amach ina haonar.

Tá an beartas seo fréamhaithe sna dualgais reachtúla a leagtar amach san Acht Craolacháin 2009, ach déanann sé gach iarracht freisin léiriú a dhéanamh ar na tuairimí reatha ag leibhéal idirnáisiúnta maidir le litearthacht sna meáin, ar nós thuairimí na n-eagraíochtaí seo a leanas: an Coimisiún Eorpach; CEÚR (Clár na hEorpa um Udaráis Rialála); agus ACE (Aonad Craoltóireachta na hEorpa). Anuas air sin, dearadh an beartas, agus an creat laistigh de a bhaineann le cur chun cinn na litearthachta sna meáin ar bhonn trasearnála, ar mhaithe le suim agus gníomhaíochtaí grúpa atá ag eirí níos mó de réir a chéile a léiriú – is é sin na páirtithe leasmhara laistigh d'Éirinn.

Cuspóir 2

Cur síos a dhéanamh ar litearthacht sna meáin, agus í a chur chun cinn freisin, i measc saoránach, tomhaltóirí agus páirtithe leasmhara, ar bhealach ábharach lánbhrí.

Is as an saol acadúil a tháinig an téama 'litearthacht sna meáin' an chéad lá riamh agus is minic a bhíonn tuiscint dhifriúil air ag páirtithe leasmhara difriúla in earnála difriúla, rud a chothaíonn doiléireacht uaireanta.

Ní gan smaoineamh a sheachnaíonn an beartas seo, agus an creat um litearthacht sna meáin a mionsonraíodh laistigh de, sainmhíniú a thabhairt ar an téarma 'litearthacht sna meáin'. Ina áit sin, cuirtear béim ann ar shraith inniúlachtaí, táscairí scileanna agus táscairí ar bhua teanga a chruthú a mbeidh tuiscint forleathan ag saoránaigh, ag an tsochaí agus ag páirtithe leasmhara ó earnála difriúla orthu, agus a chabhróidh le feabhas a chur ar fheasacht agus ar oideachas ar litearthacht sna meáin.

Cuspóir 3

Réimse leathan páirtithe leasmhara a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcur chun cinn na litearthachta sna meáin, i mbealach a bhíonn ar aon dul lena ngnó féin agus lena dtosaíochtaí straitéiseacha.

Go dtí seo, ba ar thionscail na meáin agus earnáil an oideachais a thit an cúram maidir le cur chun cinn na litearthachta sna meáin. Bíodh sin mar atá, go díreach mar atá raon litearthachta sna meáin á fhorbairt, tá na hearnálacha a bhfuil ról acu i gcur chun cinn na litearthachta sna meáin á bhforbairt freisin.

Maidir leis an beartas seo agus an creat gaolmhar faoi litearthacht sna meáin, is ann iad lena n-úsáid ag réimse leathan páirtithe leasmhara i saol na litearthachta sna meáin sa bhealach is fearr a oireann dá gcuspóirí agus dá gcuid oibre. Ceapadh é chun cabhrú le páirtithe leasmhara na háiteanna ina bhfuil siad in oiriúint a aithint, chomh maith le cén chaoi (agus cé leis) ar féidir leo tionscadail a fhorbairt maidir le litearthacht sna meáin, tionscadail a dhéanfaidh tairbhe dá gcuspóirí straitéiseacha féin, fad a bhíonn siad ag cur le cuspóir uileghabhálach ÚCÉ ag an am céanna, mar a leagtar amach thuas iad.

Cuspóir 4

Taighde a chothú i réimse litearthachta sna meáin agus bunachar cuimsitheach eolais a fhorbairt

Is ann cheana féin do mhéid suntasacha taighde maidir le gnéithe áirithe do litearthacht sna meáin. Is é is aidhm leis an mbeartas seo cabhrú le páirtithe leasmhara taighde reatha, agus taighde a dhéanfar amach anseo, a scaipeadh ar raon níos leithne páirtithe leasmhara.

Chomh maith leis sin, ceapadh an beartas lena úsáid chun na reimsí nua taighde a aithint, chomh maith le páirtithe ionchasacha taighde a aithint freisin, agus b'fhéidir toimhsí bonnlíne a fhorbairt le haghaidh táscairí scileanna.

Cuspóir 5

Beartas a fhorbairt a bheidh ar aon dul go straitéiseach le creata agus le beartais eile ríthábhachtacha foghlama.

Ceapadh an beartas seo chun cur leis an réimse creata agus beartais foghlama atá ann cheana féin, idir cinn fhoirmiúil agus cinn neamhfhoirmiúil, ar nós na samplaí seo a leanas: an Straitéis Náisiúnta Dhigiteach (an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide Comhshaoil - RCGAC); an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna (an Roinn Oideachais & Eolaíochta - ROE); an Straitéis um Breisoideachais agus Oiliúint (An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna - SOLAS); an Straitéis Naisiúnta Scileanna (ROE); an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann - QQI); Curaclam na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí (an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta - NCCA); agus an tAcht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuath,1989. Nuair is féidir, úsáideann an beartas seo an cineál céanna teanga ar mhaithe le leanúnachas a choinneáil, comhordú a éascú, ilroinnt a laghdú agus dúbláil a íoslaghdú.

Go bunúsach, is turas foghlama

fad saoil í litearthact sna meáin.

Na Meáin a Thuiscint

Creat um Litearthacht sna Meáin a chur chun cinn

Is croílár an bheartais seo creat a bhaineann le litearthacht sna meáin a chur chun cinn. Baineann trí chroí-inniúlachtaí maidir le litearthacht sna meáin leis an gcreat seo agus sraith scileanna agus táscairí ratha gaolmhara. Bainfear úsáid as an gcreat seo chun tús-áit a thabhairt do chúram oibre litearthachta sna meáin de chuid ÚCÉ féin, agus chun an cúram sin a eagrú freisin. Táthar ag súil go mbeidh an creat seo ina chabhair do réimse leathan páirtithe leasmhara a ngníomhaíochtaí féin maidir le litearthacht sna meáin a mhúnlú, de réir a gcuspóirí straitéiseacha agus a ngnó féin. Mar thoradh air sin agus le meon an chomhoibrithe, tá rogha déanta ag ÚCÉ an doiciméad seo a fhoilsiú. Táthar ag súil freisin go gcabhróidh an creat leis na páirtithe leasmhara ar fad a ról féin a aithint maidir le litearthacht sna meáin, agus chun deiseanna comhoibrithe a chothú freisin.

Tá sé ina dlúthchuid de litearthacht sna meáin go gclúdaíonn sí réimse fíorleathan scileanna. Mar gheall air sin, níltear ag súil go rachaidh páirtithe leasmhara i ngleic le gach cumas, ná leis na scileanna nó na táscairí ratha gaolmhara ach oiread. Dearadh an creat seo go sonrach chun gur féidir le páirtithe leasmhara rogha iomlán a bheith acu agus na scileanna litearthachta sna meáin is oiriúnaí dá gcroí-ghnó agus dá dtosaíochtaí straitéiseacha féin a aithint. Ar an gcuma chéanna, ní leagtar amach in ord tosaíochta na hinniúlachtaí ná na táscairí gaolmhara, agus d'fhéadfaí táscairí áirithe a chur i bhfeidhm le níos mó ná inniúlacht amháin.

Leagtar amach sna leathanaigh seo a leanas na trí inniúlacht agus na scileanna agus na táscairí ratha gaolmhara.

Croíchumas 1

Ábhar agus seirbhísí meán craolta, meán digiteacha agus eile a thuiscint agus a mheas go criticiúil, ionas go ndéanfar roghanna eolasacha agus go mbainisteofar úsáid na meáin sa tslí is fearr agus is féidir.

Táscairí scileanna i gcás daoine aonair

- Saghsanna difriúla ábhair a aithint, ar nós fógraíochta, an t-eagarfhocal, fíoras agus tuairim
- Tuiscint a fháil ar na próisis dhifriúla eagarthóireachta a bhaineann le saghsanna difriúla ábhair
- Teachtaireachtaí meáin a mhiondealú agus tosca ag a bhfuil tionchar a aithint [2]
- Inspreagadh an léiritheora ábhair agus an comhthéacs ina chuirtear an t-ábhar i láthair a anailísiú agus a mheas
- Ábhar agus seirbhísí a mheas ó thaobh na fírinneachta, ó thaobh iontaofachta de agus ó thaobh luacha ar airgead.
- Tuiscint a fháil ar na cúinsí rialála a bhaineann le hábhar agus le seirbhísí meán

Táscairí ratha / tionchar comhchoitinn

- Méid na feasachta ar shaghsanna difriúla ábhair
- Líon na roghanna eolasacha a dhéantar maidir le húsáid na meáin
- Méid na feasachta ar theicnící agus ar ábhar fógraíochta sna meáin dhifriúla ar fad, ar líne san áireamh
- Raon agus minicíocht na bainistíochta aonair i gcás na fógraíochta
- Méid na feasachta agus minicíocht a dtuairiscithe ar na rudaí seo a leanas: stéiréitíopáil; claontacht; léiriú éagórach; tuairimíocht nach mbíonn bunaithe ar fhianaise; ábhar nó comhthéacs mí-oiriúnach i gcláir agus i seirbhísí na meáin
- Réimse na bhfoinse meáin as a mbaintear úsáid
- Minicíocht agus raon na dteagmhas ina mbíonn baill den phobail ag lorg sásaimh ón údarás cuí

2 Ar nós steiréitíopála, claontachta, léiriú éagórach, ábhar nó comhthéacs míchuí, easpa fianaise etc.

Croíchumas 2

Ábhar agus seirbhísí meáin chraolta, meáin dhigiteacha a rochtain agus a úsáid ar bhealach slán sábháilte, ar mhaithe le deiseanna a uasmhéadú agus rioscaí a íoslaghdú.

Táscairí scileanna i gcás daoine aonair

- Ábhar agus seirbhísí meán a lorg, a fháil, a sheoladh agus a úsáid ar bhealach éifeachtúil
- Roghanna eolasacha a dhéanamh maidir le luach agus cosaint sonraí pearsanta, agus an ábhar agus seirbhísí meán á n-úsáid
- Úsáid a bhaint as ábhar agus seirbhísí meán ar bhealach slán sábháilte lena n-áirítear úsáid eolasach a bhaint as feidhmeanna slándála teicniúla; rochtain a shrianadh; agus ábhar mí-oiriúnach agus ábhar a d'fhéadfadh a bheith díobhálach a sheachaint
- A bheith ar an eolas faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag infrastruchtúr an idirlín ar roghanna meáin, pátrúin iompraíochta agus éagsúlacht ábhair/tuairimí
- A bheith feasach ar na himpleachtaí dlí agus impleachtaí morálta a bhaineann le húsáid ábhair agus seirbhísí meán agus teicneolaíocht
- Idirbheartaíochtaí a dhéanamh ar líne ar bhealach slán sábháilte
- An leas ionchasach agus na rioscaí féideartha a bhaineann le teicneolaíocht ata ag teacht chun cinn a aithint agus a thuiscint

Táscairí ratha / tionchar comhchoitinn

- Líon na ndaoine a fhaigheann rochtain ar, agus a úsáideann, ábhar agus seirbhísí meán
- Minicíocht, doimhneacht agus fairsinge na húsáide a bhaintear as ábhar agus seirbhísí meáin
- Raon agus éifeachtúlacht na dteicnící a úsáidtear chun sonraí pearsanta a bhainistiú agus feasacht ar na rioscaí féideartha a bhaineann le stóráil, roinnt agus úsáid sonraí pearsanta
- Líon na dteagmhas ina tuairiscítear ábhar mí-oiriúnach nó ábhar a d'fhéadfadh a bheith díobhálach i réimse na gclár agus na seirbhísí meán
- Raon agus éifeachtúlacht na dteicnící a úsáidtear chun na rioscaí féideartha a bhainistiú a mbaineann le hábhar agus seirbhísí meán, saincheisteanna cosaint leanaí san áireamh
- Raon agus éifeachtúlacht na dteicnící a úsáidtear chun ábhar comhiomlán/ measraithe a bhainistiú
- Méid na feasachta ar an tslí a dhéantar gannionadaíocht ar thuairimí iomaíocha i gcás córas meán iata, ar nós na meáin shóisialta
- Líon na dteagmhas sáraithe cóipchirt
- Líon na dteagmhas, minicíocht agus tromchúis calaois aitheantais

Croíchumas 3

Ábhar a chruthú agus páirt a ghlacadh, trí na meáin a úsáid, i ngnéithe cruthaitheacha, cultúrtha agus daonlathacha den tsochaí ar bhealach freagrach, eiticiúil agus éifeachtach.

Táscairí scileanna i gcás daoine aonair

- Teachtaireachtaí a chur le chéile trí théacs, íomhánna, fuaim agus cód a úsáid
- Ábhar meán agus táirgí a chruthú trí théacs, íomhánna, fuaim, fís agus cód a dhéanamh
- Ábhar a chruthú don phobal (e.g. trí ceadúnais chomónta cruthaitheachta a úsáid)
- Ábhar a fhoilsiú, a uasalódáil agus a roinnt ar líne
- Ábhar a thiomsú agus a léiriú
- Idirdhealú a dhéanamh idir seirbhísí / cláir le haghaidh cumarsáide poiblí agus cumarsáide príobháidí, agus na cinn is éifeachtaí a roghnú
- Mar a bhunaítear agus a fheidhmíonn gréasáin a thuiscint agus a bhainistiú
- Bheith ar an eolas faoi cearta agus dualgais dhigiteacha, agus meas a léiriú orthu freisin
- Dul i mbun deiseanna foghlama ar líne
- Tuairimí pearsanta a chur in iúl agus freagairt a thabhairt ar thuairimí daoine eile
- Deiseanna a aimsiú agus a chruthú ar mhaithe le páirt a ghlacadh i ngnéithe sibhialta agus cultúrtha den tsochaí
- Iompraíocht mí-oiriúnach[3] a aithint agus a bhainistiú, chomh maith le dúshlán a chur fúithi, i ngach réimse de na meáin[3]

Táscairí ratha / tionchar comhchoitinn

- An méid athléimneachta a thaispeántar maidir le hiompraíocht agus gníomhaíochtaí diúltacha trí sheirbhísí na meáin, seirbhísí ar líne san áireamh
- Méid an fhéinléirithe agus rannpháirtíochta daonlathaí a thaispeántar i gcás líon áirithe saoránach
- Méid na rannpháirtíochta chruthaithigh agus aschuir a léiríonn saoránaigh, i réimse na gclár agus na seirbhísí meán
- Méid na rannpháirtíochta cultúrtha agus aschuir a léiríonn saoránaigh, i réimse na gclár agus na seirbhisí meán
- Méid an chuimsithe shóisialta, trí chláir agus sheirbhísí meán
- Méid na rannpháirtíochta i dtacaíocht idir piaraí
- Méid an dúshláin oiriúnaigh i gcoinne iompraíochta agus gníomhaíochtaí diúltacha, trí sheirbhísí na meáin, seirbhísí ar líne san áireamh

3 Iompar/ábhar maslach; Ábhar míchuí nó a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh; Steiréitíopáil dhiúltach; Léiriú éagórach; Claontacht, Easpa iolrachta; Ábhar idirdhealaitheach; Bolscaireacht; Fuathchaint.

Tacú leis an mBeartas um Litearthacht sna Meáin

Tacóidh an ÚCÉ leis an mBeartas um Litearthacht sna Meáin seo a chur i bhfeidhm ar réimse bealaí, na bealaí a leanas ina measc, ach gan bheith teoranta dóibh:

An Líonra Litearthachta sna Meáin

Oibreoidh an ÚCÉ chun forbairt Líonra Éireannach Litearthachta sna Meáin a éascú. Ghníomhódh an líonra seo mar an bpríomh-mheán le haghaidh cumarsáid trasearnála, comhoibriú agus chun eolas a roinnt ar ábhair a bhaineann le litearthacht sna meáin in Éirinn. Beidh an bhallraíocht oscailte do gach páirtí leasmhar um litearthacht sna meáin.

Plean Oibre Bliantúil a Fhoilsiú

Bunaithe ar an mbeartas seo, beartaíonn an ÚCÉ chun plean oibre bliantúil a fhorbairt atá in ainm is dul i ngleic le gnéithe sonracha de gach ceann de na trí inniúlacht a chuimsítear sa chreat laistigh den bheartas seo. D'fhéadfaí a áireamh leis an bplean oibre bliantúil seo, i measc rudaí eile:

- Téamaí bliantúla um litearthacht sna meáin a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibh;
- Roinnt deontais chistithe amach anseo de chuid an ÚCÉ a ailíniú, sa chás gurb indéanta, leis an gcreat agus le téamaí a dtugtar tús áite dóibh;
- Príomhchomhdhálacha, imeachtaí agus seimineáir a fhorbairt agus a sholáthar, sa chás gur cuí.

Forbairt agus tacaíocht leanúnach beartais

Limistéar dinimiciúil ábhair is ea litearthacht sna meáin agus imríonn imeachtaí agus treochtaí ar leibhéil náisiúnta agus Eorpacha araon tionchar air. Mar gheall air sin, leanfaidh an ÚCÉ le hathbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais bheartais agus le hionadaíocht a dhéanamh d'earnáil na hÉireann um litearthacht sna meáin i dtaobh comhairliúcháin, comhdhálacha agus imeachtaí idirnáisiúnta.

Dearadh an creat seo go sonrach chun gur féidir le páirithe leasmhara rogha iomlán a bheith acu agus na scileanna litearthcha sna meáin is oiriúnaí dá gcroí-ghnó agus dá dtosaíochtaí straitéiseacha féin a aithint